


Oireachtais

Laoch Shaile Thúna




Nuair a bhí Ciarán Ó Coincheanainn fós sa scoil Náisiúnta d'airigh sé Máire Ní Dhonnchadha ag casadh *Caisleán Uí Néill* agus cheap sé gurbh álainn an t-amhrán agus an modh amhránaíochta é. B'shin an uair ar chuir sé suim sa Sean-nós. Thosaigh sé ag freastal ar ranganna Sean-nóis ansin faoi stiúir Mháire Uí Dhroighneáin.

Sa mbliain 1996 bhuadh Ciarán Fleadh Ceoil na hÉireann agus bhuadh sé Comórtas Phléaráca Chonamara i 1996 agus i 1997. I mbliana bhuadh sé Comórtas na nAmhrán Nuachumtha ag an bhFéile Pan-Ceilteach, bhuadh sé ag Fleadh

Ceoil na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge, bhuadh sé Comórtas Cuimhneacháin Tom Pháidín Tom Faoi-21, agus ansin ag Oireachtas na Gaeilge i dTrá Lí i mbliana bhuadh sé Comórtas amhránaíochta Sheosaimh Uí Éanaigh.

Chomh maith leis an amhránaíocht sean-nóis tá suim ag Ciarán sa gceol – casann sé ar an Orgán – bhí sé le Cór na Tulaigh agus ba é an t-amhránaí aonair é ag an gcéad Aifreann a craoladh ar Theilifís na Gaeilge, Lá Nollag 1997.

Nár laga Dia thú, a Chiaráin. Comhghárdeachas leat agus ná lig leis na maidí ar a bhfaca tú riamh.



Séamus Mac an Rí, Cólín Cliseam (nach maireann) agus Colm Ó Méalóid i measc an tslua ag an Oireachtas i gCois Fharraige sna seachtóidí agus rabharta amhránaíochta á bheartú acu go cinnte!

SCOIL (nua) NÁISIÚNTA SAILEARNA

Rinneadh an oscailt oifigiúil ar mhéadú na scoile ar an 12ú lá de Dheireadh Fómhair '98. Ba é an tAire Oideachais, Micheál Ó Máirtín, T.D., agus an tAire Stáit, Éamonn Ó Cuív, T.D., a bhí i mbun an tsearmanais oscailte agus ar ndóighe beannaíodh an scoil féin, na gasúir scoile agus foireann na scoile ar ócáid na hoscailte. Lá mór a bhí ann, don scoil agus don phobal ar fad.

Tógadh Scoil nua Sailearna sa mbliain 1972. Bhí cúigear múinteoirí ann ag an am agus cúig sheomra ranga. Tá naoi seomra ranga ann faoi láthair, dhá oifig - don phríomhoide agus rúnaí, deichniúr múinteoirí, cothbhálaí, halla mór uile-fhóinteach spóirt le freastal ar ghasúir na scoile, ar scoláirí Choláiste Chofm Cille agus ar phobal an Chnoic. Tá méadú mór ar líon na ngasúr sa scoil le blianta beaga anuas agus tá níos mó ná 260 acu ann faoi láthair. Soiléiríonn na figiúirí céanna an fhorbairt mhór atá déanta i gceantar Chois Fharraige.

Bhí costas leath mhilliúin punt ar obair thógála na scoile le gairid. Thug An Roinn Oideachais £312,816.98, thug An Roinn Ealaíon,

Cultúir, Gaeltachta & Oileán £82,250 agus tháinig fuilleach an chostais de £104,550 ón bpobal féin. Táimid buíoch do na hEagrais Stáit agus b'iontach an gníomh gaisce ón bpobal a leithéid a dhéanamh.


Ba mhór an tacaíocht a thug Coiste Bainistíochta Scoil Sailearna. B'iontach go deo an cúnamh a thug Coiste na dTuismitheoirí faoi Chathaoirleacht Ghearáid Denvir; Coiste an Chranachuair mhóir faoi Chathaoirleacht Pheadair Mhic an Iomaire agus faoi stiúir Nóirín Ní Lochlainn, rúnaí CST, i gcúrsaí bhailiúcháin airgid. Go gcúití Dia a gcineáltas leo. Tá Coiste Bainistíochta na Scoile faoi chomaoín ag an Roinn Oideachais agus ag Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht & Oileán faoin tacaíocht a tugadh agus tuigimid go mbíonn fonn i gcónaí ar na Ranna Stáit cúnamh a thabhairt do choistí nach ligeann a maidí féin le sruth agus a bhailíonn iad féin ón mbun aníos. Ar ndóighe láidiríonn dílseacht an phobail don teanga agus don iompar teanga sa bpobal cás an choiste go mór.

Buíochas do Dhia go bhfuil forbairt mhór déanta sa scoil agus áiseanna curtha ar fáil do mhúinteoirí dílse na scoile buanna na ngasúr a fhorbairt. Go stiúra Dia iad i bhforbairt

daonna seo na n-óg. Le cúnamh Dé beidh breis forbartha le déanamh amach anseo. Tá díon nua asphalt le cur ar an taobh ó dheas den scoil leis an mbraon anuas a sheachaint. Tá seomra nua le cur leis an halla ó thuaidh le freastal ar an méadú ar líon na ngasúr. Tá obair mhór le déanamh ar na trí acra talmhan ó thuaidh den scoile, de luach £50,000, atá fáigthe ag an scoil le forbairt mar pháirc imeartha do na gasúir.

Spregfaidh a leithéid d'infheistíocht áitiúil an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltacht & Oileán le tuille infheistíochta a dhéanamh i dtodhchaí daonna an cheantair seo mar Ghaeltacht - na gasúir scoile. Ná ligimís síos iad. Forbairt Phobail Óig le nasc na Gaeilge atá i gceist anseo. B'iontach an cúnamh é ón bpobal ach cogar a chur i gcluais na gaoithe a shéideann aniar go hOifig Roinn na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath go bhfuil a leithéid d'fhorbairt tuilte ag an dream óg. Bailíonn brobh heart! Thuas an saibhreas, anuas a Aghaidh, le Cúnamh Dé!

Micheál Ó Flannabhra, S.P.
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)



An obair fheabhsúcháin ar an scoil.